

SCÉIM GAEILGE
DO
DHÁNLANN NÁISIÚNTA
NA HÉIREANN

Scéim 2013-2016

Scéim arna réiteach faoi Alt 15
d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

CLÁR ÁBHAR

Mír 1 – Réamhrá agus Cúlra

Leathanach 3

Mír 2 – Treoirínte agus Réiteach na Scéime

Leathanach 3

Mír 3 – Tosú na Scéime

Leathanach 4

Mír 4 – Dánlann Náisiúnta na hÉireann, forbhreathnú

Leathanach 4

**Mír 5 – Tiomantais reatha do na Seirbhísí atá ar fáil
i nGaeilge, go dátheangach agus i mBéarla**

Leathanach 5

**Mír 6 – Sceideal na seirbhísí a bheartaítear le haghaidh
fhad na Scéime nua**

Leathanach 9

Mír 7 – Monatóireacht agus Athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim

Leathanach 12

Mír 8 – Poibliú na Scéime

Leathanach 13

Mír 1 – Réamhrá agus Cúlra

Réitíodh an dara scéim seo de chuid Dhánlann Náisiúnta na hÉireann (NGI) i gcomhréir le hAlt 15 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.

Forálann an tAcht le haghaidh réiteach scéim reachtúil ag comhlachtaí poiblí ina sonraítear na seirbhísí a sholáthraíonn siad

- Trí mheán na Gaeilge
- Trí mheán an Bhéarla, agus
- Trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

mar aon leis na bearta lena nglacfar lena chinntiú go soláthrófar aon seirbhís nach soláthraíonn an NGI trí mheán na Gaeilge laistigh d’amfhráma comhaontaithe.

Mír 2 – Treoirínite agus Réiteach na Scéime

Foráiltear in Alt 12 den Acht do réiteach treoirínite ag an Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus dá n-eisiúint do chomhlachtaí poiblí le cabhrú le réiteach na ndrúachtscéimeanna. Cuireadh an scéim seo i dtoll a chéile agus an aird mar ba cheart ar na treoirínite siúd.

Táimid airdeallach ar an ngá lena chinntiú go gcruthaíonn na hiarrachtaí a dhéanaimid fiúntas agus go bhfreastalaíonn siad ar riachtanais na ndaoine aonair, na ngrúpaí agus na bpobal ar a bhfreastalaímid. Aithníonn an NGI go bhfuil sé de cheart ag an bpobal a roghnú chun a ngnó a dhéanamh ina rogha teanga agus go n-éascófar seo, agus iad ag déileáil linn, cibé acu i mBéarla nó i nGaeilge. Mar gheall gurb í an Ghaeilge an teanga náisiúnta agus chéad teanga an stáit, táimid tiomanta do sheachadadh caighdeán níos airde de sheirbhís phoiblí a choimeád agus a fheabhsú, ar fud stát na hÉireann, dár gcuairteoirí sa timpeallacht reatha dhúshlánach.

D’fhoilsigh an NGI líon fógraí poiblí faoi Alt 13 den Acht, a chuir fáilte roimh aighneachtaí i dtaca le réiteach na drúachtscéime faoi Alt 15 ó aon pháirtithe leasmhara. Ina measc seo bhí fógraí dátheangacha ar láithreán gréasáin an NGI agus ar na cainéil mheán sóisialta, Facebook agus Twitter an 26 Samhain 2012 mar aon le fógra i bhFoinse an 16 Eanáir 2013. Sa mhullach air sin, seoladh cuireadh chuig seacht n-eagraíocht a bhíonn gníomhach leis an nGaeilge a spreagadh agus a chothú an 16 Samhain 2012. Tá fáil ar gach aighneacht a fuarthas ach é sin a iarraidh.

Forbraíodh an Scéim agus aird ar an bpróiseas cuimsitheach comhairliúcháin seo, mar aon le tuairimí cuairteoirí trí chlár aiseolais an NGI. Lena chois sin, cuireadh san áireamh moltaí na foirne ag an NGI, mar aon leis an staid reatha i dtaca leis an bhfáil ar sheirbhís as Gaeilge agus leis an gcumas chun amhlaidh a

chur ar fáil. Aithníonn an NGI an t-am agus an iarracht a chaith gach duine a bhí páirteach sa phróiseas seo.

Is tábhachtach a thabhairt faoi deara, chomh maith, agus an Scéim reatha á réiteach, go ndearna an NGI breithniú ar thionchar mórtionscadal athchóirithe a dhún dhá thrian de spás an NGI. Beidh an tionscadal ar bun go dtí tráth déanach in 2016. D'imir sé tionchar, agus leanfaidh sé le tionchar a imirt ar ár gcumas, i dtaca le conas a chuirimid an bailiúchán ar fáil do chuariteoirí agus le seachadadh na Scéime í féin araon.

Comhthéacs Scéim Gaeilge 2013-2016

Tá an NGI tiomanta do chuspóir Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, chun an cáilíocht agus cainníocht na seirbhísí a fheabhsú thar thréimhse ama a chuirtear ar fáil don phobal as Gaeilge.

Rinneadh roinnt gealltanais le linn chéad scéim an NGI chun feabhas a chur ar leibhéal na seirbhísí trí Ghaeilge. Chuaigh na gealltanais seo i ngleic leis na limistéir a leanas: comharthaíocht as Gaeilge, lipéadú, litríocht, páipéarachas, turais, clostreoraithe, láithreán gréasáin, ríomhphost, siopa leabhar, áiseanna taighde, fógraí poiblí agus oiliúint foirne chun freastal ar chuariteoirí ar mian leo teagmháil a dhéanamh trí Ghaeilge. Meastar go bhfuil na gealltanais sa dara scéim tar éis gach ceann de na gealltanais sa chéad scéim a chomhlíonadh. Is é cuspóir an dara scéim chun leanúint le tabhairt faoi na ngealltanais seo sa líon seirbhísí atá ar fáil as Gaeilge le linn shaolré na scéime seo. Ina theannta sin, cuireann an scéim seo le prionsabail Eispéireas ardchaighdeáin Chuariteora, agus leanfaidh sí lena chinntiú go n-éascófar daoine ar mian leo tabhairt faoina ngó trí mheán na Gaeilge.

Le linn ár gcéad Scéime agus nuair a bhí an scéim seo á cur i dtoll a chéile againn, rinneamar athbhreithniú agus measúnú ar úsáid leantach ár seirbhísí atá ar fáil as Gaeilge. I measc na seirbhísí ar a ndearnadh athbhreithniú agus measúnú bhí turais threoraithe a cuireadh in áirithe as Gaeilge; úsáid na gclostreoraithe saor in aisce as Gaeilge, agus litríocht agus cumarsáid as Gaeilge. Cé gur thug an measúnú seo leibhéal an-íseal suime le fios san fháil a bhí ar sheirbhísí as Gaeilge, tá an NGI fíor-thiomanta go fóill chun an cáilíocht agus cainníocht na seirbhísí a fheabhsú a chuirtear ar fáil don phobal as Gaeilge.

Mír 3 – Tosú na Scéime

Rinne an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta an scéim seo a dheimhniú. Cuirfead tús leis an Scéim an 16 M.Fómhair 2013 agus fanfaidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana ón dáta seo nó go dtí go ndeimhniú an tAire scéim nua de bhun Alt 15 den Acht, pé tráth is déanaí.

Mír 4 – Dánlann Náisiúnta na hÉireann, forbheathnú

Bunaíodh an NGI in 1854 faoin Acht um Dhánlann Náisiúnta na hÉireann, 1854, a d'fhoráil do 'bhunú Dánlann Náisiúnta Péintéireachta, Dealbhóireachta agus Mínealaíon... i mBaile Átha Cliath'. Chuir an tAcht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997 leis an bhforáil seo chun 'eolas a mhéadú agus a scaipeadh, istigh nó lasmuigh den Stát, ar na hamharcealaíona ar cibé bealach a mheasann siad [an Bord] is cuí'.

Tá bunchuspóir an NGI cuimsithe ina bhFís agus Ráiteas Misin. Is í fís an NGI chun eispéireas den scoth do chuirteoirí a sholáthar a spreagann suim san ealaíon agus tuiscint ar an ealaín i measc gach duine. Is é misean an NGI chun aire a thabhairt don ealaín, chun í a léirthuiscint agus chun í a léiriú ar bhealach a dhéanann áit spreagúil le cuairt a thabhairt air den NGI. Tá fáil ar thuilleadh faisnéise ar fhís, misean agus gníomhaíochtaí an NGI ag www.nationalgallery.ie

Is mar seo a leanas iad príomhsheirbhísí an NGI d'fhad na scéime seo:

- Eagrú an taispeántais *Sárshaothair ón mBailliúchán* ('*Masterpieces from the Collection*') agus taispeántais bheaga shealadacha le linn an Chláir Mháistirfhorbartha. Rinne an tionscadal athchóirithe seo dhá thrian den NGI a dhúnadh agus chuir sé dúshlán cruthaitheach agus éifeachtach roimh an NGI chun an bailiúchán a chur ar fáil do chuirteoirí;
- lasachtaí a thabhairt d'institiúidí eile in Éirinn agus thar lear;
- Gníomhaíochtaí inmheánacha agus seachtracha Oideachais;
- Gníomhaíochtaí for-rochtana pobail;
- Gníomhaíochtaí tráchtála, lena n-áirítear Siopa Leabhar, Bialann, fruiliú Áiseanna, díolacháin agus fruiliú Earraí Atáirgthe.

Tá an NGI á rialú ag Bord Gobharnóirí agus Caomhnóirí a cheapann an tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta. Fágtagar bainistíocht feidhmiúcháin an NGI faoin Stiúrthóir, a cheapann an Bord.

Tá an NGI lonnaithe i gCearnóg Mhuirfean, agus osclaíodh iad don phobal den chéad uair in 1864. Cuireadh síneadh leis an mbundánlann i 1903 (Sciathán Uí Dheargáin), i 1964 (Sciathán Bhaile an Mhuillinn), i 1968 (ó thuaidh, Sciathán Beit i láthair na huaire) agus in 2002 (Sciathán na Mílaoise). Is iad Oifig na nOibreacha Poiblí, i gcuibhreann le bainistíocht na Dánlainne, is freagraí as na foirgnimh.

Anuas ar mhórbhailiúchán d'ealaín an iarthair a choimeád, ina bhfuil samplaí tábhachtacha de shaothair leis na maistirealaíontóirí is mó is cáiliúla agus de gach ceann de na scoileanna tábhachtacha, tá sa NGI, sa bhreis air sin, an bailiúchán is tábhachtaí d'ealaín na hÉireann ar domhan. Bhain an NGI go leor dámhachtainí amach agus d'éirigh leo aird fhabhrach a fháil ón bpobal mór, mar gheall ar a dtaispeántais speisialta, a gcláir oideachais, an cead isteach saor in aisce agus a bhfiúntas ailtireachta.

Mír 5 – Tiomantais reatha do na Seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge, go dátheangach agus i mBéarla

Tá an NGI tiomanta do sheirbhísí ardchaighdeán a chur ar fáil i nGaeilge agus/nó go dátheangach dá gcuairteoirí. Leagann na bearta a leanas amach go sonrach céard faoina dtugann an NGI faoi láthair le hardsoláthar seirbhíse a chinntiú i nGaeilge agus/nó go dátheangach do gach duine dár gcuairteoirí.

Faoi láthair, cuireann an NGI líon fairsing de sheirbhísí poiblí ar fáil as Gaeilge agus go dátheangach. I gcomhréir le Cairt Chustaiméirí an NGI lenar glacadh in 2006, is é beartas an NGI chun tabhairt faoi sheirbhís a sholáthar trí Ghaeilge nuair a iarrtar ar a leithéid de sheirbhís. Léiríonn seirbhísí faisnéise a chuirtear ar fáil faoi láthair nádúr ilnáisiúnta chuairteoirí an NGI.

Tá sé mar aidhm ag Cairt Chustaiméirí an NGI chun daoine a spreagadh, oideachas agus eolas a sholáthar, agus sa chomhthéacs seo, tá an NGI tiomanta don mhéid a leanas:

- Seirbhís ardchaighdeán do chuairteoirí a sholáthar.
- Bailiúchán spreagúil ealaíne náisiúnta a léiriú agus a bhainistiú.
- Seirbhís faisnéise agus oideachais den scoth a chur ar tairiscint.
- Foireann eolach agus oilte a sholáthar.
- Dánlann shábháilte agus inrochtana a sholáthar do chách.

Soláthraítear gach faisnéis agus seirbhís a chuirtear ar fáil faoi láthair ar bhonn dátheangach, sa chás gur féidir. Má mheastar gurb iomarcach costas tionscadail dhátheangaigh in aon chás ar leith, mar gheall ar an gcostas sa timpeallacht reatha theoranta chistithe, leanfaidh an NGI le húsáid a bhaint as a ndiscreíd chun seirbhísí a chur ar fáil ar bhealaí eile, más féidir.

1. Ábhair chlóite

Nuachtlitir Ráithiúil Faisnéise arna réiteach ag an NGI.

Teidil Ábhair Mhír Nuachta na Dánlainne go dátheangach i nGaeilge agus i mBéarla.

Bróisiúir faisnéise do thaispeántais shealadacha

Déantar bunráiteas an NGI i nGaeilge a chorprú sa téacs.

Treoir Bhunúsach don NGI

Foilsíodh an Treoir Bhunúsach in 2009. Rinne seo leathanach tosaigh agus réamhrá a chuimsiú i nGaeilge agus i mBéarla.

Lipéid le haghaidh saothair ealaíne sa Bhailiúchán Buan agus sna taispeántais shealadacha

Cuimsítear teidil, foinsí agus sleachta sainiúla dátheangacha ar lipéid i measc 100% de na saothar atá sa taispeántas *‘Máistirshaothair ón mBailiúchán’*. Sa chás gurbh fhéidir, in ainneoin srianta spáis, cumais agus nuair a bhíonn fáil ar

chistiú, cuireadh lipéid faisnéise ar phéintéireacht sna taispeántais shealadacha ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla.

Páipéarachas inmheánach agus seachtrach na Dánlainne

Tá sna Cinn Litreach, na duillíní Dea-mhéine, Cárta Gnó agus sna foirmeacha inmheánacha Meamraim teideal dátheangach an NGI.

Tuarascálacha Bliantúla

Foilsítear an tuarascáil Bhliantúil go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla.

Clostreoraithe saor in aisce

Aistrítear faisnéis ar chaoga a hocht saothar sa bhailiúchán go Gaeilge agus cuirtear ar fáil iad saor in aisce do chuariteoirí.

Leabhráin mhórhéacs

Tá fáil ar leabhráin mhórhéacs i nGaeilge agus i mBéarla i dtromlach na seomraí taispeántais.

Cárta tuairimíochta

Cuireann an NGI cárta tuairimíochta aiseolais do chuariteoirí ar fáil i nGaeilge agus freagraíonn siad d'aiseolas ar sheirbhísí ar a bhfuil fáil trí Ghaeilge má chuirtear tús leis an gcumarsáid as Gaeilge.

2. Imeachtaí eile an NGI

Tugaimid faoi oibriú le himeachtaí a chuireann an Ghaeilge chun cinn. Glacann an NGI páirt in Oíche an Chultúir gach bliain. In 2012, chomhoibrigh an NGI le hlontaobhas Cultúrtha Bharra an Teampaill agus rinneadh saothair thríúr ealaíontóirí atá bunaithe sa Ghaeltacht, Andrew Duggan, Ríonach Ní Néill agus Rónán Ó Snodaigh, a theilgean ar bhallaí seachtracha fhoirgneamh Sciathán na Mílaoise. Bhí léirithe i gceist leis na saothair seo taobh istigh den NGI, sa bhálseomra, agus taispeánadh iad go comhuaineach ag láithreacha i nDún na nGall, i gCiarraí agus i gConamara ar an oíche úd. D'fhreastail nach mór 3,000 cuairteoir ar Oíche an Chultúir. Bhí Raidió na Life bunaithe san NGI ó 12 meán lae go dtí 8pm an lá sin. Ar fud an lae, cuireadh agallamh ar chuariteoirí trí Ghaeilge faoi na healaíona agus faoi Oíche an Chultúir.

3. Seirbhísí atá ar fáil don phobal

Seirbhísí chun Tosaigh an Tí

Is iad foireann na Deisce Faisnéise, Oibríthe Deonacha, Fáilteoirí agus Freastalaithe na chéad phointí teagmhála leis an bpobal.

- Tá fáil ar Sheirbhísí Faisnéise i mBéarla agus i nGaeilge agus tá fáil ar chainteoir líofa Gaeilge ach iarraidh air sin, ag an Deasc Faisnéise.
- Tá cur amach ag líon de na hOibríthe Deonacha ag na Deascanna Faisnéise ar bheannú agus is féidir le cuid díobh bheith i mbun comhrá i nGaeilge, nó cuairteoirí a thabhairt chuig foireann chuí na Dánlainne má dhéantar iarratas chun tabhairt faoin ngnó i nGaeilge.

- Cuireadh oiliúint ar fáil le haghaidh oibrithe deonacha Dheasc na Faisnéise maidir leis an bpríomhbheannú agus na príomhcheisteanna a d'fhéadfadh cuairteoirí a chur trí Ghaeilge.
- Tugtar ainm an NGI i nGaeilge agus i mBéarla ar an gcomharthaíocht agus i bhfreagairt ó bhéal sa chás gur cuí agus gurb indéanta.
- Déantar ár ndualgais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus faoinár Scéim Gaeilge a mheabhrú agus a shoiléiriú don fhoireann go rialta.
- Tugaimid faoi phróifíl na Gaeilge sa NGI a ardú trí shuntas níos mó a thabhairt do théacs Gaeilge in ábhair phoiblíochta agus faisnéise.
- Leanfaidh an NGI le rochtain gan stró a chur ar fáil don fhoireann go léir ar na hacmhainní faisnéise agus teanga, anuas ar an liosta beannaithe agus d'fhrásaí comónta i nGaeilge atá curtha ar fáil ag na Deasca Faisnéise.

Córais fógartha poiblí

Déantar Fógraí Fógartha Poiblí, a fhógraítear gach lá, i bhformáid dhátheangach.

Turais threoraithe

Cuirimid seirbhís Treoraí Turais ar fáil a sholáthraíonn cainteoir líofa Gaeilge. Tá fáil ar an tseirbhís ar iarratas le haghaidh turais a chuirtear in áirithe. Tá an NGI tiomanta do thionscnaimh chultúrtha a chur chun cinn a thacaíonn agus a spreagann úsáid na Gaeilge. Leanfaidh an NGI le páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a eagraíodh le linn Sheachtain na Gaeilge; cuireann féilire an NGI Turas Bliantúil ar tairiscint i nGaeilge ar an gceiliúradh ábhartha náisiúnta.

Seirbhísí taighde

Is éard atá in áiseanna taighde an NGI, Leabharlann Mínealaíon, an tlonad do Staidéar um Ealaín na hÉireann, Cartlann an NGI agus Cartlann Yeats. Tá iad seo go léir oscailte don phobal. Coimeádann na bailiúcháin taighde roinnt ábhar Gaeilge agus tá sé mar chuid den bheartas chun ábhar foilsithe agus neamhfhoilsithe Gaeilge a bhailiú a bhaineann leis na bailiúcháin seo.

Siopa Leabhar

Cuirimid cárta séasúracha beannaithe ar tairiscint, ar a bhfuil teachtaireacht i nGaeilge clóite, mar aon le rogha bheag de leabhair do leanaí i nGaeilge trí shiopa an NGI.

Láithreán Gréasáin

Tá ag an láithreán gréasáin teidil agus ábhair dhátheangacha ar an leathanach gréasáin a bhaineann leis an institiúid, a bailiúchán, a cláir poiblí agus cuairt a thabhairt uirthi a phleanáil. Ina theannta sin, cuirtear aistriúchán go Gaeilge ar tairiscint ar na príomhleathanaigh statacha ar láithreán gréasáin an NGI. Sa bhreis air sin, tá fáil ar bhunráiteas an NGI i nGaeilge ar an láithreán gréasáin.

Córais ríomhaire

Tá aon chórais nua ríomhaire a suiteáladh, san áit chuí, in ann an Ghaeilge a láimhseáil. Déanfar córais chomhoiriúnacha de na córais reatha, nuair is cuí, ar aon dul leis an gcéad obair eile oiriúnach chothabhála nó uasgrádaithe atá beartaithe. Ní áirítear leis seo córais reatha speisialta agus bhainistíochta bailiúchán. Agus aird ar na saincheisteanna móra teicniúla agus acmhainní atá i gceist, rachaidh an NGI i ngleic leis an ábhar seo san fhadtárma.

4. Comharthaíocht

Comharthaíocht sheachtrach

Léirítear leagan Gaeilge an NGI go feiceálach ar gach comharthaíocht sheachtrach agus ag an mbealach isteach chuig an NGI.

Comharthaíocht inmheánach

Tá gach comharthaíocht bhuan dátheangach, agus sainaithníonn siad limistéir an fhoirgnimh, áiseanna, treoirlínte do chuairteoirí agus faisnéis ghinearálta. Tá áiseanna i bhfeidhm chun comharthaíocht shealadach nó comharthaíocht as Gaeilge a chur suas, de réir mar is cuí.

5. Cumarsáid Scríofa

Cruinnithe agus Coinní

Déantar gach iarracht chun tabhairt faoi chruinnithe/choinní as Gaeilge má iarrtar ar amhlaidh.

Litreacha agus ríomhphoist

Tugtar freagra i nGaeilge ar gach comhfhreagra a fhaightear i nGaeilge.

6. Measúnú ar éileamh

Déanann an NGI measúnú leanúnach ar an mbunéileamh ar sheirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge. Cuireann an NGI cárta tuairimíochta aiseolais do chuairteoirí ar fáil i nGaeilge agus freagraíonn siad ar aiseolas ar sheirbhísí ar a bhfuil fáil trí Ghaeilge. Tugadh faoi mheasúnú ar an bhfoireann lena gcumas sa Ghaeilge a thomhas le linn ár gcéad Scéime. Cuireann Scéim 2013-2016 leis an soláthar reatha seirbhíse, agus sainaithníonn sí limistéir shonracha inar féidir seirbhís fheabhsaithe theanga na Gaeilge a chur ar fáil agus cuireann sí struchtúir i bhfeidhm chun cabhrú leis seo a bhaint amach.

Leanann an NGI ón scéim dheireanach leis an aiseolas leanúnach seo a úsáid agus le measúnú a dhéanamh air mar threoirlíne i mbeartú tosaíochta agus i bhforbairt seirbhísí san NGI trí Ghaeilge. Is gá a thabhairt faoi deara go gcuireann an beartú tosaíochta seirbhísí seo san áireamh acmhainní agus cumas teoranta laistigh de limistéar na hinniúlachta sa Ghaeilge.

Mír 6 – Sceideal na seirbhísí a bheartaítear le haghaidh fhad na Scéime nua Réamhrá

Chruthaigh an NGI gur féidir leo seirbhísí a sheachadadh trí Ghaeilge nuair a bhí a gcéad Scéim á seachadadh acu. I Scéim 2013-2016, leagfaidh an NGI an phríomhbhéim ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil trí mheán na Gaeilge a leanúint, cur leo agus iad a fheabhsú. Tá breithniú á dhéanamh, i bhforbairt na Scéime, ar thionchar mórthionscadal athchóirithe a dhún dhá thrian de spás poiblí an NGI. Beidh an tionscadal seo ar bun go dtí tráth déanach in 2016. Lena chois sin, tá ar an NGI leanúint ag feidhmiú i gcomhthéacs ciorruithe cistithe ó fhoinsí rialtais agus an lánchoisc ar fhoireann seirbhíse poiblí. D'imir na tosca seo tionchar, agus leanfaidh siad le tionchar a imirt ar ár gcumas, maidir le conas a chuirimid an bailiúchán ar fáil do chuariteoirí agus forbairt aon seirbhísí nua, lena n-áirítear Seirbhísí Dátheangacha.

Thosaigh an chéad scéim le seirbhísí Gaeilge a fhorbairt ó ísealbhonn, i dtaobh iniúilacht labhartha agus scríofa cumarsáide. Leathbhealach tríd an gcéad Scéim, chruthaigh dúnadh spás na Dánlainne, laghdú ar líonta foirne agus lánchosc ar fhoireann seirbhíse poiblí teorannú leanúnach. Níor bhain seo de sheachadadh na ngealltanais a rinneadh sa chéad scéim. Tá an NGI fíor-thiomanta go fóill chun seirbhísí feabhsaithe a fhorbairt sa Ghaeilge, in ainneoin na ndúshlán leanúnach.

Ceist chostais agus ama, go príomha, atá i gcumarsáid scríofa a sholáthar agus cruthaíonn iniúilacht Ghaeilge i measc na foirne roinnt dúshlán. Glacfaidh sé roinnt mhaith ama agus iarrachta chun an croíchumas a mhéadú thar an réimse disciplíní faoina dtugann an fhoireann. Imríonn an t-éileamh féin ar na seirbhísí tionchar ar an méid ar cheart na seirbhísí idirphearsanta siúd a fhorbairt, chomh maith. Cuireann an NGI réimse fairsing seirbhísí ar fáil faoi láthair, i dtaobh rochtain a sholáthar ar an mbailiúchán, taispeántais shealadacha, áiseanna taighde, turais Ghaeilge agus clostreoirí saor in aisce. Tá méid agus caighdeán na seirbhísí rialaithe ag teorannú ar acmhainní – teorannú airgeadais agus daonna araon.

Feabhsúcháin bheartaithe ar sheirbhísí 2013-2016

Tugtar gach gealltanais a chuireann feabhas ar na seirbhísí a chuireann Dánlann Náisiúnta na hÉireann ar fáil bunaithe ar an gcás reatha, amhail a shonraítear sa Réamhrá thuas. Ní mór a aithint go bhféadfadh na hathruithe a d'fhéadfadh teacht ar chúrsaí airgeadais agus soláthar foirne amach anseo tionchar diúltach a imirt ar thabhairt faoi na ngealltanais seo, nach bhfuil aon smacht ag Dánlann Náisiúnta na hÉireann orthu.

Fáiltiú:

Leanfar le hoiliúint a chur ar fáil don fhoireann fáiltithe guthán lena chur ar a gcumas ainm an NGI a lua as Gaeilge agus as Béarla, go mbeadh sé ar a gcumas acu déileáil le seirbhís bhunúsach bheannaithe as Gaeilge, agus ina dhiaidh sin, chun muintir an phobail a threorú chuig an fhoireann chúí Dánlainne más mian le cuairteoir tabhairt faoi ghnó as Gaeilge. Cuirfear ar fáil d'fhoireann

an lasc-chláir liosta d'fhoireann na Dánlainne ar féidir leo seirbhís a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge.

Láithreán gréasáin:

I gcaitheamh an dara Scéim, méadóimid an méid reatha d'ábhar statach ar an láithreán gréasáin atá i nGaeilge. Ní bhaineann an gealltanas seo le hábhar statach* óna dteastaíonn athruithe bogearraí (*tagraíonn ábhar statach don fhaisnéis ghinearálta atá ar fáil i bpríomhlimistéar téacs láithreán gréasáin). Beidh eisceachtaí ann sa chás nach bhfuil seo indéanta mar gheall ar chostas, méid, leagan amach nó nádúr an ábhair a theastaíonn.

Bunófar seoladh tiomanta ríomhphoist le haghaidh fiosrúchán as Gaeilge faoi Nollaig 2014. Cinnteoidh an NGI go rachfar i ngleic leis na fiosrúcháin siúd go tapa.

Córais ríomhaire

Tá aon chórais nua ríomhaire a suiteáladh, san áit chuí, in ann an Ghaeilge a láimhseáil. Déanfar córais chomhoiriúnacha de na córais reatha, nuair is cuí, ar aon dul leis an gcéad obair eile oiriúnach chothabhála nó uasghrádaithe a bheartaítear. Ní áirítear leis seo córais reatha speisialta agus bhainistíochta bailiúcháin. Agus aird ar na saincheisteanna móra teicniúla agus acmhainní atá i gceist, rachaidh an NGI i ngleic leis an ábhar seo san fhadtárma.

Ábhair phoiblíochta

Áirítear le hábhair phoiblíochta taispeántais, póstaer, bileoga faisnéise, agus bileoigíní a chruthaítear maidir leis an mbailiúchán agus leanfar leo a chur i dtoll a chéile ar bhonn dátheangach. Beidh eisceachtaí ann sa chás nach bhfuil seo indéanta mar gheall ar chostas, méid, leagan amach nó nádúr an ábhair. Tabharfar faoi seo ar bhonn leanúnach d'fhad na Scéime.

Margaíocht

Beidh sé ina chuspóir gníomhach ag an NGI láithreach a ngníomhaíochtaí as Gaeilge a chur chun cinn trí chomhlachtaí ar nós Fhoras na Gaeilge. Corpróidh an NGI ábhar dátheangach ar a scáileáin phoiblíochta phlasma.

Seirbhísí Faisnéise

Beidh sé mar chuspóir againn próifíl na Gaeilge a ardú san NGI trí bhileog ghearr a chur i dtoll a chéile, ina leagtar amach na seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge. Cuirfear seo ar fáil ag ár nDeasca Faisnéise agus fáiltithe agus ar ár láithreán gréasáin agus úsáidfear í mar bhealach chun feasacht ar na seirbhísí sonracha atá ar fáil a chur chun cinn. Cuirfear seo ar fáil faoi Nollaig 2013.

Leanfaidh an NGI le rochtain gan stró a chur ar fáil don fhoireann go léir ar na hacmhainní faisnéise agus teanga, anuas ar an liosta beannaithe agus d'fhrásaí comónta i nGaeilge atá curtha ar fáil ag na Deasca Faisnéise.

Turais threoraithe

Leanfaimid le seirbhís Treoraí Turais a sholáthar a chuireann cainteoir líofa Gaeilge ar fáil. Tá fáil ar an tseirbhís ar iarratas le haghaidh turais a chuirtear in áirithe. Tá an NGI tiomanta do thionscnaimh chultúrtha a chur chun cinn a thacaíonn agus a spreagann úsáid na Gaeilge. Leanfaidh an NGI le páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a eagraíodh le linn Sheachtain na Gaeilge; cuireann féilire an NGI Turas Bliantúil ar tairiscint i nGaeilge ar an gceiliúradh ábhartha náisiúnta.

Soláthar Bileoga Oibre

Leanfaimid le bileoga oibre Oideachasúla a chur ar fáil i nGaeilge do chuariteoirí, atá ar fáil ag an Deasc Faisnéise.

Foilseacháin Dhánlann Náisiúnta na hÉireann

Cuirfidh an NGI cáipéisí dátheangacha i dtoll a chéile a thiocfaidh faoi Alt 10 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla – Tuarascálacha Bliantúla, Cuntais Iniúchta, Ráiteas Straitéise agus Cairt Chustaiméirí. Déanfar breithniú ar fhoilseacháin atá bainteach leis an ealaín agus foilseacháin eile nach luaitear thuas ná in aon chatagóir eile lena bhfoilsíú go dátheangach ag an NGI ar bhonn cás ar chás, agus an aird chuí ar shaincheistanna costais agus leasa an phobail. Má mheastar gurb iomarcach costas foilsithe dhátheangaigh in aon chás ar leith, mar gheall ar mhéid an fhoilseacháin, nó má mheastar nach inmharthana iad i dtaobh cúrsaí tráchtála nó geilleagracha, féadfaidh an NGI a roghnú chun achoimre fheidhmeach/réamhrá/achóimre a fhoilsíú i bhformáid dhátheangach. Leanfar leis seo sa scéim reatha.

Iarratais ar thairiscintí

Leanfar le hiarratais ar thairiscintí a chur ar fáil i mBéarla amháin, mura mbaineann an forthairgeoir é féin le saincheist theanga na Gaeilge.

Oiliúint Foirne agus Forbairt Oibríthe Deonacha

Aithníonn an NGI an tábhacht lena mbaineann lucht saothar ardoilte a bheith ann le seachadadh éifeachtach agus éifeachtúil seirbhíse a chinntiú. Is éard atá i gceist leis seo infheistíocht shuntasach in oiliúint agus forbairt. Cuirfidh an NGI ar fáil don fhoireann go léir cúrsaí oiriúnacha oiliúna Gaeilge agus beidh sé ina chuspóir acu an freastal agus ábharthacht an chúrsa a uasmhéadú i leith mhisean an NGI.

Cuirfidh an NGI feasacht ar theanga san áireamh mar chuid de chúrsaí oiliúna ionduchtúcháin agus eispéireas na gcuairteoirí lena chinntiú go dtuigeann oibríthe deonacha cén fáth a bhfuil beartas seirbhíse Gaeilge i bhfeidhm, mar aon leis an gcomhthéacs agus an cúlra atá leis an mbeartas agus, anuas air sin, lena chinntiú go bhfuil cur amach iomlán ag an bhfoireann ar conas atá an beartas le feidhmiú.

Cuirtear liosta d'fhoireann na Dánlainne ar fáil don Fhoireann Seirbhísí Cuairteoirí agus d'Oibrithe Deonacha den fhoireann a bhfuiltear le teagmháil a dhéanamh leo i gcás go n-éilítear seirbhís trí Ghaeilge. Leanfaidh an NGI le tabhairt faoi na gealltanais seo le linn chúrsa ár ndara Scéim.

Litreacha agus cumarsáid scríofa eile

Leanfar le tabhairt faoi gach gníomhaíocht scríofa a gcuirtear tús leo trí Ghaeilge le comhfhreagras scríofa i nGaeilge. Cuirfidh an NGI tús le comhfhreagras i nGaeilge leo siúd arb eol gur fearr leo comhfhreagras i nGaeilge.

Mír 7 – Monatóireacht agus Athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim

Leanfaimid le monatóireacht a dhéanamh ar an éileamh ar sheirbhísí trí Ghaeilge i gcaitheamh ár ndara scéim, féachaint leis an tseirbhís a sholáthar trí Ghaeilge ar aon dul leis an leibhéal éilimh a shaináithnítear.

Déanfar dul chun cinn limistéir áirithe na Scéime a thomhas tríd an méid a leanas a dhéanamh:

- Monatóireacht a dhéanamh ar fhreagairt an phobail trí chainéil reatha aiseolais an NGI;
- cártaí tuairimíochta;
- freagraí scríofa agus ó bhéal;
- agus suirbhéanna tréimhsiúla.

Aithneofar moltaí agus déanfar breithniú orthu amhail is cúí.

Déanfaidh an NGI monatóireacht ar thuairimí na foirne i leith na Scéime agus ar leibhéal inniúlachta agus chomhlíonta na foirne sna limistéir faoi seach. Lena chois sin, déanfar measúnú ar dhul chun cinn i dtreo chur i bhfeidhm na Scéime i dTuarascáil Bhliantúil an NGI.

Tabharfaidh bainisteoirí líne na rannóg atá freagrach as cur i bhfeidhm na Scéime laistigh dá limistéir féin faoin bhfeidhm laethúil mhonatóireachta ar an Scéim agus déanfaidh siad tuairisciú leis an Oifigeach Seirbhísí Cuairteoirí.

Tabharfar faoi Athbhreithniú ar an Scéim de réir mar is gá, tar éis iarratas scríofa a fháil ón Aire. Tabharfar faoin athbhreithniú faoi choimirce rannóg Seirbhísí Cuairteoirí an NGI. Próiseas leanúnach a bheidh i gceist leis an bpróiseas athbhreithnithe, a úsáidfidh na meicníochtaí monatóireachta a liostaítear thuas. Cuirfidh an fhaisnéis agus na moltaí a bhaintear ón bpróiseas faisnéis ar fáil d'ábhar aon scéim nua.

Mír 8 – Poibliú na Scéime

Déanfar an scéim a phoiblí tríd an méid a leanas:

- Preaseisiúint dhátheangach;
- Fógra dátheangach ar láithreán gréasáin an NGI;

- Scaipeadh na faisnéise chuig na comhlachtaí cuí Gaeilge, chuig gníomhaireachtaí leasmhara agus daoine eile ar spéis leo, agus
- Bileog ghearr ina leagtar amach na seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge a chuirfear ar fáil ag na Deasca Faisnéise.

Rinneadh cóip den scéim seo a chur faoi bhráid Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla chomh maith.